Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council

Comhairle Cathrach na Gaillimhe

ACHT NA DTEANGACHA OIFIGIÚLA 2003

SCÉIM TEANGA

2019 - 2022

Clár

Caibidil 1: Réamhrá agus Cúlra 3
1.1 Réamhrá 3
1.2 Ullmhú agus Ábhar na Scéime 3
1.3 Dáta Tosaithe na Scéime 4

Caibidil 2: Léargas Ginearálta ar Chomhairle Cathrach na Gaillimhe 5
2.1 Misean agus Aidhmeanna 8
2.2 Príomhfheidhmeanna 9
2.3 Príomhsheirbhísí 9
2.4 Custaiméirí agus Cliaint 10

Caibidil 3: Sonraí Seirbhísí ar fáil i mBéarla amháin, i nGaeilge amháin nó go dátheangach 11

Caibidil 4: Ag Feabhsú Soláthar Seirbhísí i nGaeilge 12

Caibidil 5: Ag Feabhsú Soláthar Seirbhísí i nGaeilge sa Ghaeltacht 30

Caibidil 6: Ag Feabhsú Inniúlacht sa Ghaeilge 31

6.1 Earcaíocht 31
6.2 Oiliúint agus Forbairt 31
6.3 Poist Shainithe Ghaeilge 35

Caibidil 7: Monatóireacht agus Athbhreithniú 36

Caibidil 8: Poibliú na Scéime Comhaontaithe 37

Caibidil 1: Réamhrá agus Cúlra

1.1 Réamhrá

Forálann Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 d'ullmhú scéim teanga ag comhlachtaí poiblí ag tabhairt mionsonraí faoi na seirbhísí a sholathróidh siad:

- trí mheán na Gaeilge,
- trí mheán an Bhéarla, agus
- trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla

agus na bearta a ghlacfar lena chinntiú go ndéanfar aon seirbhís nach bhfuil an comhlacht ag soláthar trí mheán na Gaeilge a sholáthar laistigh de fhráma ama comhaontaithe.

De réir alt 14(3) den Acht, fanann scéimeanna teanga i bhfeidhm ar feadh tréimhse 3 bliana nó go dtí go mbeidh scéim nua daingnithe, cibé acu is déanaí, ag an Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta.

1.2 Ullmhú agus Ábhar na Scéime

Tá aird mar is cuí tugtha ar na Treoirlínte a d'eisigh an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta agus an scéim seo á hullmhú. Ina theannta sin, tugadh faoi phróiseas cuimsitheach comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara uile. Le linn don scéim seo a bheith á hullmhú, d'fhoilsigh **Comhairle Cathrach na Gaillimhe** fógra rúin le dréachtscéim a ullmhú faoi *Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003*. Cuireadh fógra Gaeilge ar shuíomh gréasáin Ghaeilge *tuairisc.ie* inar thug **Comhairle Cathrach na Gaillimhe** cuireadh do bhaill an pobal agus do na páirtithe leasmhara uile aighneachtaí a dhéanamh chuig an scéim. Cuireadh fógra dátheangach ar shuíomh gréasáin an Chomhairle freisin. Rinneadh athbhreithniú ar na haighneachtaí uile a fuarthas agus cuireadh san áireamh iad mar chuid de phróiseas ullmhúcháin an scéim teanga seo.

Tá **Comhairle Cathrach na Gaillimhe** á threorú ag an bprionsabal gur cheart go mbeadh soláthar seirbhísí Gaeilge bunaithe ar:

- an leibhéal éilimh ar sheirbhísí ar leith i nGaeilge,
- an tábhacht a bhaineann le cur chuige réamhghníomhach i soláthar seirbhísí dá leithéid, agus
- acmhainní, lena n-áirítear acmhainní daonna agus airgeadais, agus cumas an chomhlachta an cumas riachtanach teanga a fhorbairt nó a rochtain.

Comhlánaíonn an scéim seo prionsabail a bhaineann le Seirbhís ar Ardchaighdeán do Chustaiméirí agus ár gCairt Chustaiméirí. Tá sí curtha le chéile leis an aidhm go gcomhlíonfaí gach oibleagáid ábhartha faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla atá ar **Chomhairle Cathrach na Gaillimhe** ar bhonn céimnithe, tríd an scéim seo agus trí scéimeanna amach anseo.

Ní bhaineann sé seo ach le comhlachtaí poiblí ar daingníodh scéimeanna leo cheana

Tá an Scéim bunaithe ar na gealltanais ar fad a bhí in aon scéim roimhe seo a bheith curtha i bhfeidhm. Sa chás nár cuireadh i bhfeidhm ina n-iomláine go dtí seo na gealltanais a bhí i scéimeanna roimhe seo beidh an cheist ina ábhar plé le hOifig an Choimisinéara Teanga.

Tuigtear agus aithnítear an t-am agus an iarracht a chuireann gach duine a bhfuil baint acu leis an bpróiseas seo isteach ann.

1.3 Dáta Tosaithe na Scéime

Tá an Scéim daingnithe ar an ag an Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. Tosaíonn sí le héifeacht ó 09/09/2019 agus beidh sí i bhfeidhm ar feadh tréimhse 3 bliana nó go dtí go mbeidh scéim eile daingnithe, cibé acu is déanaí.

Caibidil 2: Léargas Ginearálta ar Chomhairle Cathrach na Gaillimhe

Cathair na Gaillimhe

RÉAMHRÁ

Tá Cathair na Gaillimhe, ar a dtugtar Cathair na dTreabh freisin, suite i gContae na Gaillimhe ar an gcósta thiar, agus is í an chathair is iartharaí in Éirinn agus san Eoraip, a fheidhmíonn mar gheata ar an gceantar Gaeltachta is mó sa tír – Conamara. Suite ar chósta Chuan na Gaillimhe tá Gaillimh ar imeall an Atlantaigh. Tá tírdhreach álainn Chonamara siar uait agus Loch Coirib ó thuaidh. Roinneann abhainn na Coiribe an chathair agus tá roinnt canálacha agus traoth mhuilinn ar fud lár na cathrach atá ann ó tosaíodh i mbun tráchtála sa chathair na céadta bliain ó shin.

Leanann daonra buan an cathrach ag dul in airde. Léiríonn daonáireamh 1986 daonra de dhíreach os cionn 47,000 ina chónaí i gCathair na Gaillimhe. Sa tréimhse 2002-2006 amháin, bhí méadú 10% ar dhaonra Chathair na Gaillimhe, agus léiríonn daonáireamh 2006 daonra de 72,414. Mhéadaigh daonra na cathrach arís ó 75,529 in 2011 go dtí 79,504 i 2016 agus tagann os cionn 20,000 cuairteoir agus mic léinn tríú leibhéal ar a bharr sin arís. Ní hamháin go léiríonn an fás sin an treocht náisiúnta agus idirnáisiúnta ó thaobh níos mó daoine a bheith ag cur fúthu i gcathracha ach léirítear go sonrach an dúil mhór a bhíonn ag daoine fanacht i gCathair na Gaillimhe, mar chathair chun a bheith ag staidéar ann, chun a bheith ag obair ann, chun teacht ar cuairt ann agus chun maireachtáil ann. Léirítear freisin ról na Gaillimhe mar an phríomhchathair agus ionad seirbhíse do Réigiún an Iarthair.

Clár 1: Daonra i 2011 agus 2016 de chontaetha san iarthar, Réigiún an Iarthair agus an chuid eile den stáit.

	Daonra 2011	Daonra 2016	An t-athrú (2011-2016) (No.)	Athrú Céatadáin (2011-2016) (%)
An Chlár	117,196	118,627	1,431	1.2%
Dún na nGall	161,137	158,755	-2,382	-1.5%
Cathrach na Gaillimhe	75,529	79,504	3,975	5.3%
Contae na Gaillimhe	175,124	179,048	3,924	2.2%
Leitrim	31,798	31,972	174	0.6%
Maigh Eo	130,638	130,425	-213	-0.2%
Ros Comáin	64,065	64,436	371	0.6%
Sligeach	65,393	65,357	-36	-0.1%
Réigiún an Iarthair	820,880	828,124	7,244	0.9%
An Stáit	4,588,252	4,757,976	169,724	3.7%
An chuid eile den Stáit	3,767,372	3,929,852	162,480	4.3%

1 Foinse: An Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO), Daonáireamh 2016: Réamhthorthaí.

Le blianta fada anuas, lean an líon a bhí fostaithe sa chathair ag dul in airde sna réimsí a leanas, biteicneolaíocht, fearais leighis, seirbhísí na teicneolaíochta faisnéise agus bhí líon ard fostaithe freisin sa tseirbhís phoiblí, miondíola, sláinte, oideachais agus sna hearnálacha tráchtála agus fáilteachais agus chuidigh sin go léir chun

deiseanna oibre a thabhairt do dhaoine sa réigiún. Tá ról tábhachtach ag suíomh na Cathrach ar imeall Chuan na Gaillimhe, lár báire ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin agus timpeallaithe ag tírdhreach den scoth agus áilleacht nádúrtha Chonamara, Loch Coirib agus an Boireann, ó thaobh na turasóireachta sa gheilleagar áitiúil, agus ba chóir níos mó leasa a bhaint as cumas na sócmhainní iontacha seo agus sin a dhéanamh ar shlí inbhuanaithe.

Is cathair óg, bhríomhar í Gaillimh.
Tá beagnach 38,000 dalta agus scoláire i mbunscoileanna, in iarbhunscoileanna agus i scoileanna agus i gcoláistí breisoideachais agus tríú leibhéal ar fud na cathrach. Is í an Chathair lárionad oideachais an Iarthair agus tá cáil bainte amach aici as an iliomad imeachtaí cultúrtha agus ealaíon a bhíonn ar siúl inti. Tá cáil uirthi freisin mar gheall ar a féilte, go háirithe *Féile Idirnaisiúnta Ealaíon na Gaillimhe* agus *Rasaí Capall na Gaillimhe*. Bíonn taispeántais in *Iarsmalann Chathair na Gaillimhe*, suite taobh thiar den *Phóirse Caoch* iomráiteach, a fhiosraíonn gnéithe de stair agus oidhreacht Chathair na Gaillimhe.
D'fhógair Cathair na Gaillimhe gurb í an chéad chathair dhátheangach í (an 7 Márta 2016). Tá an Ghaeilge lárnach i saol na Cathrach le blianta fada agus tá páirt thábhachtach ag forais chultúrtha agus shóisialta ar nós *Taibhdhearc na Gaillimhe*, *Áras na Gaeilge*, *Gaillimh le Gaeilge* agus *Árus na nGael* i gcur chun cinn cultúrtha na teanga sa chathair. Tá cuid den Chathair lonnaithe sa Ghaeltacht oifigiúil, mar atá Cnoc na Cathrach, Mionlach agus an Caisleán Gearr.

Comhairle Cathrach na Gaillimhe

Príomhghníomhaíochtaí na Comhairle Cathrach:
Tá freagracht ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe gach seirbhís an rialtais áitiúil a chur ar fáil do mhuintir Chathair na Gaillimhe. Tá oifigí riaracháin na Cathrach suite ag Halla na Cathrach, Bóthar an Choláiste, Gaillimh. Freastalaíonn an Chomhairle ar dhaonra 79,504. Fostaíonn an Chomhairle 450 ball foirne go neasach. Leagtar Straitéis Chorparáideach na Comhairle amach ina Plean Corparáideach 2014 – 2019. Is iad na príomhghnéithe seo a leanas a thabharfaidh treoir maidir le struchtúr an Phlean Chorparáidigh:

Tá roinnt feidhmeanna ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe. Ní hamháin gurb í an Chomhairle an áisineacht don daonlathas áitiúil, agus a ról bainteach mar ionadaí, is soláthróir seirbhíse, rialaitheoir agus éascaitheoir í. Déanann sí agus cuireann sí beartais phoiblí i bhfeidhm. Déantar cur síos de ghnáth ar ghníomhaíochtaí agus ar fheidhmeanna na Comhairle Cathrach faoi na teidil atá leagtha amach sa bhuiséad bliantúil, i.e.

- Tithíocht agus Tógáil
- Bóithre, Iompar agus Sábháilteacht
- Soláthar Uisce agus Séarachas
- Rialú agus Dreasachtaí Forbartha
- Cosaint na Timpeallachta
- Conláiste agus Caitheamh Aimsire
- Talmhaíocht, Sláinte, Oideachas agus Leas
- Seirbhísí Ilchineálacha.

Tá ceannteidil an Choiste um Beartais Straitéiseacha (SPC) agus na Stiúrthóireachta ina gcuidiú i dtaca le cur síos ar ghníomhaíochtaí na Comhairle Cathrach.

SPC 1 – Seirbhísí Tithíochta
SPC 2 – Iompar agus Bonneagar
SPC 3 – Pleanáil agus Forbairt Eacnamaíoch
SPC 4 – Timpeallacht
SPC 5 – Caitheamh Aimsire, Conláiste agus Cultúr

TIMPEALLACHT OIBRÍOCHTA

Is í Comhairle Cathrach na Gaillimhe údarás áitiúil Chathair na Gaillimhe. Soláthraítear raon seirbhísí, rialaítear gníomhaíochtaí áirithe, agus comhlíontar ról ionadaíoch tríd an bpróiseas daonlathach.

Timpeallacht Inmheánach
Tá an Chomhairle comhdhéanta de Chomhairleoirí tofa agus d'fhoireann na Comhairle. Roinneann dlí an Rialtais Áitiúil feidhmeanna na Comhairle Cathrach sna feidhmeanna déanamh beartais sin atá forchoimeádta do Chomhairleoirí mar "fheidhmeanna forchoimeádta", agus feidhmeanna a bhaineann le riarachán agus le feidhmiú beartas a dhéanann an Príomhfheidhmeannach (nó oifigigh a bhíonn ainmnithe aige/aici agus ar a dtugtar "feidhmeanna feidhmiúcháin". Ní mór don Phríomhfheidhmeannach aird a thabhairt ar na beartais a dhéanann an Chomhairle tofa agus cinntí á ndéanamh.

Cé gurb é déanamh beartais ról na Comhairle Cathrach, breithníonn na cúig Choistí Beartais Straitéiseacha (S.P.C.anna) de chuid na Comhairle forbairt beartais i réimsí a bhaineann le seirbhísí na Comhairle, agus déantar moltaí ar bheartais chuig an gComhairle iomlán lena mbreithniú agus lena gcinneadh. Tá comhaltas an S.P.C. comhdhéanta de Chomhairleoirí tofa agus leasanna earnálacha lena n-áirítear na comhpháirtithe sóisialta, daoine a bhíonn ainmnithe ag an Líonra Rannpháirtíochta Poiblí agus leasanna iomchuí eile ag an leibhéal áitiúil. Ní mór gur comhalta den Chomhairle Cathaoirleach gach SPC agus tá an Grúpa Beartais Corparáideach (C.P.G.) comhdhéanta de na cúig Chathaoirleach agus an Méara.

Déantar seirbhísí na Comhairle a sheachadadh trí roinnt Ranna feidhmeach (m.sh. Tithíocht, Pleanáil), a fhaigheann tacaíocht agus acmhainní ó na Seirbhísí Corparáide, HR, ICT agus Airgeadais. Is é an tIonad Seirbhísí do Chustaiméirí an príomhphointe teagmhála idir saoránaigh agus an Chomhairle.

Forbraíonn agus feidhmíonn an Chomhairle a mbeartais féin ach bíonn ról suntasach acu freisin ó thaobh fheidhmiú an bheartais náisiúnta, mar atá léirithe agus mínithe ag an Rialtas nó ag údaráis Stáit eile. Ina thaobh sin, éilítear ar an gComhairle cuntas a ghlacadh de raon leathan straitéisí, pleananna, treoirlínte agus ciorcláin ina leagtar amach mar a fheidhmítear beartais náisiúnta ag an leibhéal áitiúil.

2.1 Misean agus Aidhmeanna

"Mar Chomhaltaí Tofa agus mar Fhoireann Chomhairle Cathrach na Gaillimhe, is é an misean atá againn oibriú le chéile chun an Chathair a fhorbairt agus a fheabhsú agus seirbhísí éifeachtúla a chur ar fáil do na daoine a mbímid ag freastal orthu, agus ar an tslí sin leanúint ar aghaidh ag cinntiú go mbeidh Cathair na Gaillimhe tarraingteach, bríomhar agus taitneamhach le maireachtáil ann, le bheith ag obair ann agus le cuairt a thabhairt ann".

- Ráiteas Misin Chomhairle Cathrach na Gaillimhe

CROÍ-LUACHANNA

Tá ár gcroíluachanna bunaithe ar phrionsabail dea-rialtas áitiúil agus soláthraítear an bunús dár gcuspóiri agus dár ngníomhartha mar eagraíocht.

Ceannaireacht dhaonlathach

Ionadaíocht a dhéanamh ar mhuintir uile na cathrach ar shlí oscailte agus trédhearcach agus ról ceannródaíoch na Comhairle Cathrach a choimeád agus a fhorbairt chun freastal ar na dúshláin atá roimh an gcathair agus sinn ag iarraidh caighdeán saoil níos fearr a chinntiú do gach duine a mbímid ag freastal orthu.

Rialachas Corparáideach

Tiomantas d'oscailteacht, do chuntasacht agus d'ardchaighdeán rialachais corparáideach a chothú agus ardchaighdeáin iompair agus ionracas Chomhaltaí agus foirne a choimeád agus ar an tslí sin cultúr iontaoibh a chur chun cinn.

Seirbhís phoiblí den Chaighdeán is Airde

Seirbhísí poiblí d'ardchaighdeán a sholáthar do mhuintir na cathrach ó fhoireann tiomanta, díograiseach agus nuálach.

2.2 Príomhfheidhmeanna

Is í Comhairle Cathrach na Gaillimhe údarás áitiúil Chathair na Gaillimhe. Soláthraítear raon seirbhísí, rialaítear gníomhaíochtaí áirithe, agus comhlíontar ról ionadaíoch tríd an bpróiseas daonlathach.

2.3 Príomhsheirbhísí

- Tithíocht

Soláthar de Thithíocht Údaráis Áitiúil, Bainistiú Stoic Thithíochta, Tithíocht ar Phraghas Réasúnta, Scéimeanna Tithíochta Deonacha, Pleanáil agus Soláthar de Chóiríocht don Lucht Siúil, Cóiríocht do Dhaoine gan Dídean, Tithe Príobháideacha ar Cíos, Rannpháirtíocht Tionóntaí agus Bainistiú Eastát, Iasachtaí agus Deontais Thithíochta, Iompar Frithshóisialta agus Rialú Tógála.

- Trácht, Iompar & Páirceáil

Feabhsúcháin agus Cothabháil Bóithre, Bainistiú Tráchta, Pleanáil Chomhtháite Iompair, Tacsaithe agus Hacnaithe, Coisíocht, Áiseanna Rothaíochta, Sábháilteacht ar Bhóithre, Soilsiú Poiblí, Páirceáil, Feabhsúchán agus Cothabháil Soláthair Uisce, Feabhsúchán agus Cothabháil Draenála, Leithris Phoiblí.

- Uisce

Comhoibriú le hUisce Éireann chun córas soláthair uisce agus córas bailithe/cóireála draenála, a bheidh ábalta freastal ar riachtanais baile, tráchtála agus tionscail ár dtomhaltóirí sa Chathair, a sholáthar agus a choimeád ar shlí inbhuanaithe.

- Pleanáil

Córas pleanála fisiciúil a chur in áit a bheidh in ann freastal ar chuspóirí forbartha eacnamaíoch, comhshaoil agus sóisialta inbhuanaithe don chathair.

- An Comhshaol, Bruscar, Dramhaíl & Athchúrsáil

Timpeallacht nádúrtha na cathrach a chosaint, a fheabhsú agus a chaomhnú, cultúr saor ó bhruscar agus ó thruailliú a fhorbairt agus úsáid inbhuanaithe ár n-acmhainní a chur chun cinn.

- Caitheamh Aimsire & Fóillíocht

Soláthar saoráidí caitheamh aimsire, áineasa agus taitneamhachta d'ardchaighdeán a fhorbairt agus a chur chun cinn do gach aoisghrúpa agus feabhas a chur ar cháilíocht saoil ár saoránach agus ár gcuairteoirí araon.

- Eacnamaíocht & Forbairt an Phobail

A chinntiú go bhfuil bonn eacnamaíoch láidir ag Gaillimh a thacóidh le caighdeán maith saoil do na saoránaigh chun forbairt inbhuanaithe an réigiúin a dhreasú.

Cur ar chumas ár bpobail go léir an méid atá ar a gcumas a bhaint amach, agus comhionannas rochtaine agus comhionannas deiseanna feadh na bpobal ar fad a chur chun cinn agus a éascú.

- Pobal & Cultúr

Cur an méid agus is féidir le cumas na n-ealaíona agus an chultúir chun cur le caighdeán saoil gach duine a chónaíonn agus a oibríonn sa chathair agus a thugann cuairt orainn.

- Gnó & Airgeadais

Cur an méid agus is féidir leis na hacmhainní atá ar fáil do sholáthar bonneagair agus seirbhísí agus a chinntiú go mbaintear úsáid éifeachtúil agus éifeachtach as na hacmhainní sin, buiséad comhardaithe a chinntiú agus na caighdeáin is airde cuntasachta agus ionracas airgeadais.

- Seirbhísí Corparáideach

Seirbhís tacaíochta éifeachtach a sholáthar do na comhaltaí tofa agus don eagraíocht go ginearálta agus cuidiú le comhaltaí a sainordú daonlathach a chomhlíonadh.
A chinntiú go ndéanfar seirbhísí corparáideacha agus na tacaíochtaí a theastaíonn ón gComhairle a sheachadadh go héifeachtúil.

2.4 Custaiméirí agus Cliaint

Príomhgheallsealbhóirí

Tá an Chomhairle Cathrach an-tábhachtach i bhforbairt eacnamaíoch, sóisialta agus cultúrtha na Cathrach. Agus sainchúram leathan agus tábhachtach ag an ról, tá cuspóirí agus beartais na heagraíochta ríthábhachtach go hinmheánach agus go seachtrach. Cuimsíonn an beartas cumarsáide réimse leathan agus éagsúil de sprioclucht féachana, mar atá;

- Cónaitheoirí agus cónaitheoirí féideartha Chathair na Gaillimhe
- Daoine ag obair sa Chathair
- Comhaltaí Tofa Náisiúnta agus Áitiúla.
- Na Meáin go léir
- An Rialtas Láir
- Fostaithe na Comhairle
- Comhlachtaí Eile an Rialtais Áitiúil
- Eagraíochtaí agus Grúpaí Pobail agus Deonacha
- Gnóthais i nGaillimh
- Gníomhaireachtaí Stáit, Gníomhaireachtaí Forbartha Áitiúla agus Comhpháirtithe Sóisialta
- Grúpaí Mionlaigh

Ina theannta sin, tá réimse leathan de dhaoine leasmhara breise ag Cathair na Gaillimhe, lena n-áirítear cuairteoirí, cuairteoirí féideartha agus gnóthais féideartha. Tá príomhról ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe maidir leis na daoine leasmhara seo a tharraingt agus a chur ar an eolas trí obair le comhpháirtithe agus trí mhargaíocht Chathair na Gaillimhe a fheabhsú.

Caibidil 3: Sonraí Seirbhísí ar fáil i mBéarla amháin, i nGaeilge amháin nó go dátheangach

Tá sonraí na scéimeanna agus na seirbhísí aonair atá á n-oibriú ag an Roinn ar fud a sainchúram ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne ag www.galwaycity.ie.

I gcás na rannóg sin nach bhfuil seirbhís i nGaeilge ar fáil iontu faoi láthair, déanfar socruithe chun freagra a thabhairt ar iarratais ar sheirbhís den sórt sin. D'fhéadfadh seirbhís i nGaeilge a bheith teoranta agus ní féidir gealltanas a thabhairt go mbeidh seirbhís i nGaeilge ar fáil i gcás nithe a éilíonn saineolas nó eolas teicniúil.

Soláthar Seirbhísí ar fáil (Cuir tic sa bhosca cuí)			
Ainm na Seirbhíse	**Seirbhísí i mBéarla amháin**	**Seirbhísí i nGaeilge amháin**	**Go dátheangach**
Tithíocht			**√**
Trácht, Iompar & Páirceáil			**√**
Uisce			**√**
Pleanáil			**√**
An Comhshaol, Bruscar, Dramhaíl & Athchúrsáil			**√**
Caitheamh Aimsire & Fóillíocht			**√**
Eacnamaíocht & Forbairt an Phobail			**√**
Pobal & Cultúr			**√**
Gnó & Airgeadais			**√**
Seirbhísí Corparáideach			**√**
Acmhainní Daonna			**√**

Seirbhísí ar fáil sa Ghaeltacht			
Ainm na Seirbhíse	**Seirbhísí i mBéarla amháin**	**Seirbhísí i nGaeilge amháin**	**Go dátheangach**
Níl oifigí ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe suite i gceantair Gaeltachta faoi láthair ach má/nuair a osclaíonn an comhlacht oifig i gceantar Gaeltachta, déanfaimid cinnte go gcuirfidh an chomhlacht seirbhís iomlán i nGaeilge ar fáil don phobal sna gceantair Ghaeltachta sin.			

Caibidil 4: Ag Feabhsú Soláthar Seirbhísí i nGaeilge

Is riachtanais éigeantacha faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 iad na forálacha i gcló liath atá le feiceáil sa tábla thíos.

Modh Cumarsáide leis an bPobal		Gealltanas	
Fógraí réamhthaifeadta ó Bhéal		Beidh na fógraí réamhthaifeadta seo a leanas i nGaeilge nó go dátheangach: (a) Cuirfear fógraí taifeadta ó bhéal ar fáil i nGaeilge nó go dátheangach ar an nguthán nuair atá ár n-oifigí dúnta; (b) Cuirfear fógraí taifeadta ó bhéal a chraoltar ar chóras fógartha poiblí ar fáil i nGaeilge nó go dátheangach; (c) Cuirfear fógraí ó bhéal a chruthaítear agus a chraoltar trí chóras ríomhtheachtaireachta nó trí chóras ríomhfhreagartha gutháin ar fáil i nGaeilge nó go dátheangach. Tabhair faoi deara gur fógairtí 'taifeadta' seachas fógairtí 'beo' a bhaineann le hábhar anseo. Sa chás go bhfuil Ordú Logainmneacha i bhfeidhm, úsáidfear an leagan Gaeilge den Logainm atá sonraithe san Ordú sin i bhfógraí taifeadta ó bhéal a dhéanann comhlacht poiblí nó a dhéantar ar a shon.	Éigeantach
Cumarsáid i Scríbhinn	**Litreacha agus Post Leictreonach**	Tabharfar freagra ar an gcumarsáid scríofa uile sa teanga oifigiúil ina bhfuarthas í.	Éigeantach
	Stáiseanóireacht	Ceannteidil ar stáiseanóireacht áirithe ar a n-áirítear nóta-pháipéar, duillíní dea-mhéine, leatháin chlúdaigh facs, clúdaigh comhad agus fillteáin eile, lipéid agus clúdaigh litreach a chur ar fáil i nGaeilge nó go dátheangach.	Éigeantach
Comharthaí	**Comharthaí**	Ní mór an chomharthaíocht uilig a chuireann Comhairle Cathrach na Gaillimhe in airde nó a chuirtear in airde thar a cheann a bheith i nGaeilge nó dátheangach, faoi réir na	Éigeantach

		rialachán (I.R. Uimh 391/2008).	
Foilseacháin	**Foilseacháin**	Foilseofar cáipéisí ina leagtar amach tograí polasaí poiblí, cuntais iniúchta nó ráitis airgeadais, tuarascálacha bliantúla agus ráitis straitéise i nGaeilge agus i mBéarla ag an am céanna.	Éigeantach
	Ciorcláin / Cora Poist	I gcás ina ndéanfaidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe cumarsáid i scríbhinn nó leis an bpost leictreonach leis an bpobal i gcoitinne nó le haicme den phobal i gcoitinne chun faisnéis a thabhairt don phobal nó don aicme, cinnteoidh an Comhairle Cathrach na Gaillimhe gur i nGaeilge, nó i mBéarla agus i nGaeilge, a bheidh an chumarsáid	Éigeantach
An Ghaeltacht	**Logainmneacha Gaeltachta**	Bainfear úsáid as Logainmneacha Oifigiúla na gceantar Gaeltachta de réir na reachtaíochta.	Éigeantach

Seo a leanas liosta gníomhartha molta ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe faoi gach seirbhís.

Modh Cumarsáide leis an bPobal		**Gealltanas**	**Amlíne Laistigh de Bl.1/Bl.2/Bl.3**
Cumarsáid ó Bhéal / Scríbhinn	**Fáiltiú**	Beidh eolas ag foireann an fháiltithe ar na bunbheannuithe i nGaeilge	**In áit faoi láthair**
		Fógrófar ainmneacha na mball foirne atá in ann cumarsáid i nGaeilge i rannóga éagsúla oifigí i gComhairle Cathrach na Gaillimhe agus ag an bhfáiltiú.	**In áit faoi láthair**
		Ní bheidh moill mhíchuí mar thoradh ar sheirbhísí i nGaeilge a bheith á lorg ag an bhfáiltiú. Tá socruithe in áit chun baill den phobal a chur i dteagmháil go tapaidh leis an oifigeach/na hoifigigh c(h)uí atá freagrach as an tseirbhís a éileofar a chur ar fáil i nGaeilge.	**In áit faoi láthair**
		Cuirfear gach glaoiteoir chuig an Deasc Seirbhísí do Chustaiméirí go díreach ar an eolas ar bhonn réamhghníomhach i dtaca leis an rogha atá acu déileáil leis an oifig i nGaeilge, mar shampla, trí thaispeántas fógraí ag an deasc fáiltithe a léiríonn na	**In áit faoi láthair**

		seirbhísí Gaeilge atá ar fáil, chomh maith leis na seirbhísí Gaeilge a liostú ar láithreán gréasáin na hoifige. Beannófar do gach glaoiteoir chuig an Deasc Seirbhísí do Chustaiméirí agus chuig cuntair poiblí le beannú simplí dátheangach.	
		Gheofar rogha teanga an chustaiméara amach agus cuirfear é/í i dtreo an oifigigh chuí. Mura mbeidh an t-oifigeach ar fáil, cuirfear na roghanna seo a leanas ar fáil: - glaoch ar ais nuair a bheidh Gaeilgeoir ar fáil, - gnó a dhéanamh trí bhall eile foirne a chuirfidh seirbhís aistriúcháin ar fáil, nó - leanúint ar aghaidh agus gnó a dhéanamh i mBéarla.	**In áit faoi láthair**
		Beidh gach comhfhreagras, tar éis don chustaiméir a bheith ag an gcuntar, i nGaeilge, más í sin atá ag teastáil ón gcustaiméir, fiú más i mBéarla a rinneadh cumarsáid ag an gcuntar i dtús báire.	**In áit faoi láthair**
		Déanfaidh an Chomhairle cinnte go mbeidh struchtúir ann ionas go mbeidh na seirbhísí cuntair ar fad ar fáil go dátheangach agus go mbeifear in ann déileáil le custaiméirí i gceachtar den dá theanga oifigiúla.	**In áit faoi láthair**
		Beidh na córais fhógartha phoiblí, a úsáideann an Chomhairle nó a chuirtear ar fáil thar ceann na Comhairle in oifigí na Comhairle, i mBéarla agus i nGaeilge.	**In áit faoi láthair**
		Glacfaidh an fhoireann sonraí an chustaiméara i nGaeilge agus ní bheidh aon bhrú ag aon am ar an gcustaiméir a c(h)uid sonraí a thabhairt i mBéarla.	**In áit faoi láthair**
		Ba ghá amach anseo go mbeadh cumas cumarsáide i nGaeilge agus i mBéarla ag baill foirne a bheidh ag an gcuntar poiblí.	**In áit faoi láthair**
		Beidh ar a laghad ball foirne amháin ag Deasc	**In áit faoi láthair**

		Seirbhísí do Chustaiméirí i gcónaí chun Seirbhís trí Ghaeilge a chur ar fáil. Bainfear é seo amach trí earcú agus/nó oiliúint. Spreagfar Baill Foirne ag an Deasc Seirbhísí do Chustaiméirí atá dátheangach suaitheantas a chaitheamh ar a bhfuil a n-ainm, agus leibhéal a gcumas Gaeilge (go dátheangach). Beannófar roimh chustaiméirí i dtosach báire i nGaeilge agus ansin i mBéarla.	**In áit faoi láthair** **Laistigh de Bl.1**
	Seirbhís Duine le Duine/Chuntair	Cinnteoimid go mbeidh ball amháin foirne in ann déileáil go héifeachtach leis an bpobal i nGaeilge. Cuirfear liosta chun dáta ar fáil de bhaill foirne atá in ann seirbhís a chur ar fáil i nGaeilge.	**In áit faoi láthair** **In áit faoi láthair**
	Lasc-chlár	Cuirfear gach custaiméir teileafóin ar an eolas go leanúnach ar bhonn réamhghníomhach i dtaca leis an rogha atá acu déileáil leis an gComhairle as Gaeilge, mar shampla: beannaítear do ghlaoiteoirí chuig Comhairle Cathrach na Gaillimhe go dátheangach agus tá an rogha acu leanúint ar aghaidh leis an gcomhrá i mBéarla nó i nGaeilge. Bunaíodh Ionad Seirbhísí do Chustaiméirí i bhFeabhra 2009, agus cuireann gach ionadaí seirbhísí do chustaiméirí, chomh maith le fáilteóirí agus oibreoirí lasc-chláir, ainm na Comhairle in iúl go dátheangach, agus eolas acu ar bheannachtaí bunúsacha i nGaeilge. Rinneadh socrúcháin cuí ionas go mbíonn siad in ann an pobal a chur i dteagmháil, gan mhoill, leis an oifig nó leis an oifigeach atá freagrach as seirbhís as Gaeilge a chur ar fáil. Níl gach seirbhís ar fáil go hiomlán dátheangach agus leanfar ar aghaidh le hoiliúint agus/nó earcú go mbainfear é seo amach. Míneoidh an t-oibreoir nach bhfuil Gaeilge acu féin go cúirtéiseach, agus cuirfidh siad an glaoiteoir i dteagmháil le	**In áit faoi láthair** **In áit faoi láthair**

		Gaeilgeoir.	
		Mura bhfuil Gaeilgeoir ar fáil chun déileáil leis an nglao, míneoidh an fostaí an scéal go cúirtéiseach don ghlaoiteoir agus tógfaidh siad a (h)ainm agus a (h)uimhir theagmhála agus sonraí faoin gceist atá acu. Deanfaidh an fostaí cinnte go gcuireann Gaeilgeoir ón gComhairle glao ar ais orthu. Ní féidir é seo a dhéanamh ach nuair atáthar cinnte go gcuirfear glao ar ais chomh luath agus is féidir laistigh de lá amháin oibre. Murar féidir é sin a dhéanamh, tabharfar rogha don ghlaoiteoir fanacht le glao ar ais i nGaeilge a luaithe agus is féidir nó leanúint ar aghaidh i mBéarla.	**In áit faoi láthair**
		Mura bhfuil an Gaeilgeoir atá ábalta déileáil le ceist an ghlaoiteora ar fáil, tabharfar rogha don ghlaoiteoir leanúint leis an nglao i mBéarla nó fanacht go gcuirfear glao ar ais air i nGaeilge.	**In áit faoi láthair**
		Glacann an tIonad Seirbhísí do Chustaiméirí gach glao ón bpobal i gcoitinne agus tá na córais fhreagartha uathoibríocha theileafóin go hiomlán dátheangach. Díríonn siad glaoiteoirí go leictreonach (trí oibriúcháin tadhalltoin) chuig an áit a bhfuil seirbhísí Gaeilge ar fáil ann. Poiblíodh na seirbhísí seo go forleathan trí bhunú an Ionaid Sheirbhísí do Chustaiméirí.	**In áit faoi láthair**
		Tá eolaire de Ghaeilgeoirí atá sásta glaonna a ghlacadh i nGaeilge sa Chomhairle ar fáil don fhoireann ar chúraim an lasc-cláir, agus leanfar ar aghaidh le forbairt ar an eolaire seo de réir mar a thagann feabhas ar Scileanna Gaeilge nó trí earcú.	**In áit faoi láthair**
		Beidh teachtaireachtaí taifeadta dhátheangacha ar sheirbhís teachtaireachta na nGaeilgeoirí sa Chomhairle, agus iad ag iarraidh ar an nglaoiteoir teachtaireacht a fhágáil i mBéarla nó i nGaeilge.	**In áit faoi láthair**
		Mar shonraíochtaí pearsanta don fhoireann	**In áit faoi láthair**

		san ionad glaonna sa todhchaí, beidh scileanna cumarsáide i mBéarla nó i nGaeilge inmhianaithe. Beidh ball foirne amháin ar a laghad ar fáil i gcónaí san Ionad Glaonna le Seirbhís Ghaeilge a sholáthar. Bainfear é seo amach trí earcú agus/nó oiliúint. Tabharfaidh foireann an lasc-chláir ainm Comhairle Cathrach na Gaillimhe i nGaeilge agus i mBéarla. Beidh eolas ag foireann an lasc-chláir ar na bunbheannuithe i nGaeilge agus beidh siad in ann an glao a aistriú chuig ball eile foirne atá in ann Gaeilge a labhairt. Cuirfear liosta chun dáta ar fáil d'fhoireann an lasc-chláir de na baill foirne atá in ann seirbhís a chur ar fáil i nGaeilge. Forbrófar gnáth-threoirlínte chun déileáil le glaoiteoirí ar mian leo labhairt i nGaeilge agus cuirfear ar fáil iad do na rannóga éagsúla oifige. Fógrófar ainmneacha na mball foirne atá in ann cumarsáid i nGaeilge i rannóga éagsúla oifig an chomhlachta phoiblí agus ag an bhfáiltiú. Tá socruithe oiriúnacha in áit ionas go bhféadfaidh foireann an lasc-chláir baill den phobal a chur i dteagmháil gan mhoill le cibé oifig nó oifigeach atá freagrach as an tseirbhís a theastaíonn a chur ar fáil i nGaeilge, má tá sin ar fáil	**In áit faoi láthair** **In áit faoi láthair** **In áit faoi láthair** **In áit faoi láthair** **In áit faoi láthair** **In áit faoi láthair** **In áit faoi láthair**
	Cumarsáid ghutháin leis an bpobal	Cuirfear treoir ar fáil don fhoireann ar dhéileáil le glaonna gutháin ó Ghaeilgeoirí. Beannófar roimh chustaiméirí i dtosach báire i nGaeilge agus ansin i mBéarla. Cuirfidh baill foirne dhátheangacha custaiméirí ar an eolas go bhfuil siad sásta	**In áit faoi láthair** **In áit faoi lathair**

		gnó a dhéanamh trí Ghaeilge má theastaíonn. Cuirfear baill foirne ar an eolas faoi chomhghleacaithe atá ar fáil chun seirbhís iomlán a chur ar fáil i nGaeilge.	**In áit faoi láthair**
	Fógraí réamhthaifeadta ó Bhéal	N/A - Níl aon chóras Fógraí Réamhthaifeadta ó Bhéal i bhfeidhm ar an suíomh faoi láthair.	**N/A**
	Fógraí Beo	N/A - Níl aon chóras Fógraí Beo i bhfeidhm ar an suíomh faoi láthair.	**N/A**
	Comhfhreagras Scríofa	Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh le fáilte a chur roimh chomhfhreagras i nGaeilge nó i mBéarla.	**In áit faoi láthair**
		Leanfar ar aghaidh le freagra a thabhairt (nuair atá gá leis) ar chomhfhreagras a fhaigheann an Chomhairle sa teanga inar scríobhadh an litir bhunaidh. Nuair atá gá le comhfhreagras breise ina dhiaidh sin, déanfar é sa teanga chéanna.	**In áit faoi láthair**
		Ní bheidh aon mhoill mhíchuí mar gheall ar chomhfhreagras leis an gComhairle i nGaeilge. Cuirfear freagra ar fáil laistigh den spriocthréimhse atá sonraithe sa Phlean Cúram Custaiméirí.	**In áit faoi láthair**
		Beidh gach comhfhreagras, tar éis glaoch gutháin nó comhrá i nGaeilge, sa teanga chéanna mura bhfuil an duine féin ag iarraidh a mhalairt.	**In áit faoi láthair**
		Beidh gach comhfhreagras mar thoradh ar chomhrá/ ghlaoch gutháin inar léirigh an duine gurbh fhearr leo Gaeilge a úsáid, i nGaeilge, cé go mb'fhéidir nach raibh an comhrá nó an glaoch gutháin féin i nGaeilge.	**In áit faoi láthair**
		Leanfaidh an Comhairle ag cur tús le comh-fhreagras i nGaeilge chucu siúd a bhfuiltear ar an eolas gurbh fhearr leo sin. Baineann sé seo freisin le cumarsáid ríomhphoist.	**In áit faoi láthair**
		Má phléann oifigeach nach bhfuil Gaeilge aige/aici le comhfhreagras i nGaeilge, gheobhaidh sé/sí cuidiú ón Oifigeach Gaeilge,	**In áit faoi láthair**

		ó aistritheoir nó ó chomhghleacaí inniúil, ionas gur féidir freagra a thabhairt i nGaeilge.	
		Mar chuid de ghnáthriarachán seirbhísí ar bhonn laethúil, cuirfear gnáthlitreacha agus imlitreacha ar fáil don phobal go dátheangach.	**In áit faoi láthair**
		Beidh ráiteas caighdeánach ar pháipéarachas, ar dhuillíní moladh, ar fhógraí agus ar láithreán gréasáin na Comhairle etc. ag tabhairt le fios don léitheoir go bhfáilteofar roimh chomhfhreagras i nGaeilge nó i mBéarla.	**In áit faoi láthair**
		Déanfar forbairt bhreise ar chlár agus ar bhunachar sonraí de dhaoine, de ghrúpaí, de scoileanna, de Ghaelscoileanna agus d'eagraíochtaí arbh fhearr leo go ndéanfaí cumarsáid leo i nGaeilge, i bhfoirm liostaí teagmhálacha d'úsáid oifigeach aonair, nó tagairtí níos leithne d'úsáid na nAonad seirbhísí.	**In áit faoi láthair**
		Cuirfear na prionsabail thuas i bhfeidhm i dtaca le comhfhreagras leictreonach.	**In áit faoi láthair**
	Bileoga Eolais/Bróisiúir	Beidh gach bróisiúr agus bileog eolais nua de chuid na Comhairle dátheangach (Gaeilge agus Béarla) laistigh den aon cháipéis amháin, agus beidh an dá theanga ar chomhstádas. Cuirfear aon bhróisiúir nó bileoga eolas atá ann cheana féin nach bhfuil dátheangach go dtí seo, go dátheangach laistigh den chlúdach amháin ar athnuachan an fhoilseacháin.	**In áit faoi láthair**
		Is í an fhormaid roghnaithe go mbeidh an dá theanga taobh le taobh agus Gaeilge ar chlé nó ar dheis, nó Gaeilge thuas agus Béarla thíos. Beidh téacs na Gaeilge le feiceáil ar dtús agus é chun tosaigh, infheicthe, soléite, cothrom le méid an Bhéarla ar a laghad, agus gan giorrúcháin seachas sa chás go bhfuil giorrúcháin leis an mBéarla freisin.	**In áit faoi láthair**
		Féadfaidh bróisiúir agus bileoga eolais a	**In áit faoi láthair**

		bheith i mBéarla amháin má bhaineann siad le tionscnamh a bhaineann go sainiúil leis an mBéarla (m.sh. grúpa drámaíochta/scríbhneoirí Béarla, srl.) Sa chás go gcuireann eagraíocht eile bróisiúir nó bileoga eolais ar fáil, a bhíonn in úsáid nó á soláthar ag an gComhairle, iarrfar leagan dátheangach a chur ar fáil. Nuair a chuireann comhlacht eile bróisiúir nó bileoga eolais amach go leithleach, dáilfear an leagan Béarla agus an leagan Gaeilge le chéile sa phost nó thar an gcuntar, nuair nach fios cén teanga atá á héileamh. Beidh leagan dátheangach nó Gaeilge ar fáil de na bileoga eolais agus na bróisiúir is mó a úsáidtear (liosta le sonrú) Beidh 100% de na bileoga eolais agus na bróisiúir ar fáil i nGaeilge nó go dátheangach. Beidh na critéir roghnaithe bunaithe ar éileamh ón bpobal	**In áit faoi láthair** **In áit faoi láthair** **In áit faoi láthair** **In áit faoi láthair**
	Foirmeacha Iarratais	Beidh gach foirm iarratais nua, agus an t-ábhar gaolmhar míniúcháin a fhoilsíonn an Chomhairle, ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla san aon cháipéis amháin. Tá sé mar bheartas ag an gComhairle a chinntiú go bhfuil agus go mbeidh gach foirm iarratais agus an doiciméadú bainteach ar fáil go comhuaineach sa dá theanga oifigiúla ar ár láithreán gréasáin. Cuirfear aon fhoirmeacha iarratais atá ann cheana féin agus an t-ábhar bainteach mínitheach, nach bhfuil dátheangach go dtí seo, ar fáil go dátheangach laistigh den aon chlúdach amháin ar athnuachan an fhoilseacháin. Sa chás go gcuirtear foirmeacha iarratais agus bileoga eolais ar fáil mar leaganacha Gaeilge agus Béarla ar leith, cinnteoidh an Chomhairle go dtabharfar an suntas céanna don dá leagan ag gach suíomh poiblí, agus go mbeidh an fháil chéanna ar an leagan Gaeilge is a bheidh ar an leagan Béarla. Cuirfear	**In áit faoi lathair** **In áit faoi láthair**

		custaiméirí ar an eolas go réamhghníomhach faoi fháil a bheith ar leagan ar leith Gaeilge trí ráiteas cuí ar leagan Béarla na cáipéise agus trí aon bhealach eile is cuí leis an gComhairle.	
		Féadfaidh foirmeacha iarratais a bheith i 'mBéarla amháin' má bhaineann siad le tionscnamh a bhaineann go sainiúil leis an mBéarla (e.g. grúpa drámaíochta/scríbhneoirí Béarla, srl). Baineann an prionsabal céanna leis an nGaeilge.	**In áit faoi láthair**
		Sa chás go gcuireann eagraíocht eile foirmeacha iarratais ar fáil, a bhíonn in úsáid nó á soláthar ag an gComhairle, iarrfar foirmeacha Gaeilge amháin agus foirmeacha dátheangacha a chur ar fáil.	**In áit faoi láthair**
		Nuair a chuireann comhlacht eile foirmeacha iarratais ar fáil go leithleach, dáilfear an leagan Béarla agus an leagan Gaeilge le chéile sa phost nó thar an gcuntar, nuair nach fios cén teanga atá á éileamh. Iarrfaidh an Chomhairle go gcuirfí an t-eolas ar fad san aon cháipéis amháin.	**In áit faoi láthair**
		Déanfaidh an Chomhairle gach iarracht lena chinntiú go mbeidh an Ghaeilge a úsáidtear ar fhoirmeacha iarratais soléite agus intuigthe, ach go gcloífear leis an gCaighdeán Oifigiúil ó thaobh an litrithe agus na gramadaí de.	**In áit faoi láthair**
		Beidh leagan dátheangach nó Gaeilge de na foirmeacha iarratais is coitianta a bheidh ar fáil (liosta le sonrú)	**In áit faoi láthair**
	Eile	Beidh gach bileog eolais agus bróisiúr ar fáil go dátheangach nó i nGaeilge	**In áit faoi láthair**
		Beidh gach foilseachán dátheangach na Comhairle laistigh den chlúdach céanna de réir dea-chleachtais, seachas sa chás nach féidir é seo a dhéanamh mar gheall ar mhéid nó cineál na cáipéise. Cuirfear gach foilseachán dátheangach na Comhairle ar fáil ar www.galwaycity.ie agus spreagfar an	**In áit faoi láthair**

		pobal chun an tseirbhís a úsáid trí na foilseacháin ábhartha a íoslódáil. Nuair atá cáipéis le foilsiú go dátheangach, glacfar leis nach mbeidh an cháipéis iomlán réidh go dtí go mbeidh an leagan Gaeilge agus an leagan Béarla críochnaithe. Leanfar le foilsiú dátheangach gach cáipéise atá á bhfoilsiú go dátheangach cheana féin ag an gComhairle agus nach bhfuil clúdaithe faoi Alt 10 den Acht. Leanfar le cáipéisí teicniúla a fhoilsiú 'i mBéarla amháin', seachas sa chás go bhfuil spéis ar leith ag an bpobal sa cháipéis nó mura bhfuil tábhacht éigin áitiúil leis. Sa chás sin cuirfear leagan dátheangach nó achoimre sa Ghaeilge ar fáil. Ní gá cáipéisí straitéiseacha eile a bhaineann le leas ar leith, agus/nó cáipéisí teicniúla, a chur ar fáil go dátheangach. Cuirfear achoimre nó achoimre fheidhmeach ar fáil go dátheangach. Beidh an Ghaeilge a úsáidtear i bhfoilseacháin soléite agus intuigthe, agus aird ar leith ar chruinneas litrithe agus gramadaí de réir an Chaighdeáin Oifigiúil.	**In áit faoi láthair** **In áit faoi láthair** **In áit faoi láthair** **In áit faoi láthair** **In áit faoi láthair**
Na Meáin	**Preaseisiúintí**	Chuir an Chomhairle an Ghaeilge san áireamh agus a Straitéis Chumarsáide á forbairt aici, agus leanfaidh sí ar aghaidh leis seo agus an Straitéis Chumarsáide á hathbhreithniú aici. Cinnteoidh an Chomhairle go leanfar ar aghaidh le gach preaseisiúint a eisiúint go dátheangach. Déanfar iad sin a eisiúint go comhuaineach nuair is féidir. I gcúinsí áirithe, seans nárbh fhéidir é sin a dhéanamh de bharr na práinne a bhainfeadh le Preaseisiúintí áirithe. Déanfaidh an Chomhairle cinnte go mbeidh dóthain urlabhraithe a bhfuil Gaeilge acu ar	**In áit faoi láthair** **In áit faoi láthair** **In áit faoi láthair**

		fáil, ag a mbeidh an t-údarás cuí, chun agallaimh a dhéanamh leis na meáin maidir le ceisteanna ar bith na Comhairle nuair is gá é sin a dhéanamh.	
		Cuireann an Chomhairle teagmhálaí dátheangach na meán ar fáil faoi láthair le haghaidh tuilleadh eolais, agus cinnteoidh sí go mbeidh oifigeach ar fáil chun eolas a sholáthar i nGaeilge nó i mBéarla sa chás go mbíonn ainmneacha teagmhálacha le haghaidh tuilleadh eolais ar phreaseisiúintí/ráitis.	**In áit faoi láthair**
		Nuair a iarrann na Meáin Ghaeilge agallamh, cuirfear agallaí eolach oilte sna meáin agus a bhfuil Gaeilge aige/aici ar fáil nuair is féidir. Ní bheadh sé cuí Gaeilgeoir a chur ar fáil nach raibh mórán eolais ar an ábhar i gceist aige/aici.	**In áit faoi láthair**
		Nuair a iarrann na meáin Ghaeilge ar freagra scríofa ar fhiosrú, déanfar gach iarracht an freagra sin a sholáthar as Gaeilge.	**In áit faoi láthair**
		Nuair a eagraíonn an Chomhairle feachtas fógraíochta nó tionscnaimh trí na meáin chló, chraolta nó leictreonacha, cinnteoidh sí go mbeidh an Ghaeilge le feiceáil ar an ábhar.	**In áit faoi láthair**
		Beidh 25% ar a laghad de théacs ar ábhar atá ar bhuantaispeáint dátheangach, m.sh. meirgí aníos a bheidh in úsáid go minic.	**In áit faoi láthair**
		Spreagfar eagraíochtaí seachtracha a eagraíonn taispeántais nó a thaispeánann meirgí i bhfoirgnimh na Comhairle, taispeaintí dátheangacha a sholáthar agus iad ag iarraidh an spáis taispeántais.	**In áit faoi láthair**
		Cinnteoidh lucht Cumarsáide na Comhairle go gcuirfear an Ghaeilge chun cinn trí na Meáin Ghaeilge maidir le himeacht ar bith a eagraíonn an Chomhairle.	**In áit faoi láthair**
		Eiseofar 100% de phreaseisiúintí go	**In áit faoi láthair**

		dátheangach. Ba chóir go mbeadh sé mar chuspóir an t-ábhar seo a eisiúint go comhuaineach Eiseofar gach preasráiteas a bhaineann le cúrsaí Gaeltachta nó Gaeilge go comhuaineach i nGaeilge nó go dátheangach.	**In áit faoi láthair**
	Na Meáin Sóisialta	Eiseofar aon eolas ar aon cheann de na hardáin meán sóisialta a bhaineann le cúrsaí Gaeltachta nó Gaeilge go comhuaineach i nGaeilge nó go dátheangach.	**Laistigh de Bl.1**
	Urlabhraithe na Meán	Beidh urlabhraí/urlabhraithe Gaeilge ar fáil i gcomhair agallamh leis na meáin Ghaeilge.	**In áit faoi láthair**
	Óráidí	Tosaíonn na óráidí, go ginearálta le beannú i nGaeilge agus críochnaíonn siad le beannachtaí as Gaeilge. Spreagtar foireann Comhairle Cathrach na Gaillimhe i gcónaí chun an méid Gaeilge agus is féidir a úsáid ina gcuid óráidí.	**In áit faoi láthair** **In áit faoi láthair**
Teicneolaíocht Faisnéise	**Ríomhphoist**	Spreagtar foireann Comhairle Cathrach na Gaillimhe i gcónaí chun an méid Gaeilge agus is féidir a úsáid ina gcuid ríomhphoist fiú má tá sé sin teoranta ag beannaithe agus ag leagan cainte ag deireadh an téacs. Beidh ráiteas ar chuntas ríomhphoist gach baill den fhoireann , ag cur fáilte roimh úsáid na Gaeilge. Beidh gnáth-theachtaireachtaí ríomhphoist ó gach ball d'fhoireann Chomhairle Cathrach na Gaillimhe, ar nós freagraí uathoibríocha "as Oifig faoi láthair" mar shampla, dátheangach.	**In áit faoi láthair** **Laistigh de Bl.1** **Laistigh de Bl.1**
	Suíomhanna Gréasáin	Beidh nascleanúint ó leathanach ar an leagan Béarla den suíomh gréasáin www.galwaycity.ie chuig an leathanach ábhartha ar an leagan Gaeilge. Bunaíodh leathanach Gaeilge ar an laithreán gréasáin www.galwaycity.ie agus leanfar ar aghaidh lena fhorbairt agus nuacht, treoracha,	**In áit faoi láthair**

		urraíocht agus naisc le haghaidh Gaeilgeoirí á dtairiscint. Tá foirmeacha, bileoga eolais, cáipéisí agus foilseacháin a fhoilsítear go dátheangach ar fáil ar an laithreán gréasáin, agus leanfar ar aghaidh leis seo de réir mar a thiocfaidh ábhar nua ar fáil. Beidh an rannán ábhartha freagrach as foirmeacha, bileoga srl. dátheangacha a choinneáil. Déanfar na nithe seo a thabhairt cothrom le dáta go comhuaineach. Cuirfear riachtanais chomhoiriúnachta teanga san áireamh nuair atá córais inmheánacha nua IT á dtabhairt isteach nó córais IT reatha á n-uasghrádú. Ós rud é go bhfuil fadhbanna móra teicniúla agus acmhainní ann faoi láthair, is ceist í seo a mbeifear ag dul i ngleic léi sa bhfadtéarma.	**In áit faoi láthair** **In áit faoi láthair**
	Córais Ríomhaireachta	Beidh gach córas reatha ríomhaireachta comhoiriúnach don Ghaeilge. Beidh córas ríomhaireachta nua ar bith a shuiteálfar ábalta déileáil leis an nGaeilge. Beidh áiseanna nua cló ar bith ábalta déileáil go hiomlán leis an nGaeilge. Leanfaidh an comhlacht poiblí ag baint úsáid ghníomhach as teicneolaíocht chun feabhas a chur ar sholáthar seirbhísí dátheangacha.	**In áit faoi láthair** **In áit faoi láthair** **In áit faoi láthair** **In áit faoi láthair**
	Seirbhísí Idirghníomhacha	Tá seirbhísí idirghníomhacha dátheangach nuair is féidir m.sh: Tá na seirbhísí idirghníomhacha nua ar fad sa músaem dátheangach (Gaeilge & Béarla) an turas fíorúil 3D san áireamh.	**In áit faoi láthair**
An Ghaeltacht	**Cruinnithe**	Faoi láthair, níl foireann Comhairle Cathrach na Gaillimhe suite i bhfoirgnimh/oifigí nó ag feidhmiú aon seirbhís phoiblí in aon cheantar Gaeltachta nó go deimhin, in aon áit eile taobh amuigh de Fhoirgnimh na Cathrach ar Bhóthar an Coláiste, áfach, beidh gach ball foirne a dhéileálann le cúrsaí Gaeltachta nó le	**In áit faoi láthair**

		daoine ón nGaeltacht líofa i nGaeilge. Cuirfear córas in áit chun a chinntiú gur i nGaeilge amháin, má theastaíonn sin, a bheidh an comhfhreagras le pobal na Gaeltachta. Nuair a theastaíonn, tionólfar cruinnithe sa Ghaeltacht i nGaeilge, le haistriúchán comhuaineach i mBéarla, mar is cuí. Cuirfear fáilte roimh inchur i nGaeilge agus i mBéarla ag cruinnithe poiblí a eagraíonn an Comhairle Cathrach na Gaillimhe poiblí nó a eagraítear thar a cheann. Beidh cruinnithe a eagraíonn Comhairle Cathrach na Gaillimhe, a bhaineann le gnóthaí Gaeilge, i nGaeilge nó dátheangach, mar is cuí.	**In áit faoi láthair** **In áit faoi láthair** **In áit faoi láthair** **In áit faoi láthair**
	Logainmneacha	Úsáidfidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe logainmneacha oifigiúla na gceantar Gaeltachta de réir na reachtaíochta. Leanfar le hainmneacha Gaeilge a chur ar aon fhorbairt nua tithíochta. Beidh sé de dhualgas ar Choiste Logainmneacha na Comhairle na hainmneacha a chinntiú agus a roghnú de réir na téarmaí tagartha atá leagtha amach agus tar éis dul i gcomhairle le Coimisiún na Logainmneacha, agus tar éis logainmneacha atá ann cheana féin, chomh maith le stair agus oidhreacht na háite a thabhairt san áireamh. Molfar ainmneacha Gaeilge a chur ar shráideanna, ar bhóithre agus ar ghnéithe nua sa chathair, agus beidh comhairliúchán cuí ann chun ainm na sráide, an bhóthair srl. a shainmhíniú. Rachaidh coiste logainmneacha na Comhairle i ngleic leis seo.	**In áit faoi láthair** **In áit faoi láthair** **In áit faoi láthair**
	Seirbhísí	I ngnáthnósanna imeachta agus an Chomhairle ag déileáil le 3ú páirtithe a bhíonn ag soláthar seirbhísí don phobal, i gcomhar	**In áit faoi láthair**

Seirbhísí		leis an gComhairle nó thar a ceann, déanfar cinnte go dtabharfar aird ar an Scéim seo agus a riachtanais, ar Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, agus ar aon rialacháin atá déanta faoin Acht sin.	
		Nuair atá teagmháil leis an bpobal i gceist, iarrfar ar ghníomhaireachtaí nó ar chonraitheoirí a léiriú cén chaoi a mbeidh na seirbhísí seo á soláthar go dátheangach. Bainfear é seo amach trí shonraí cuí riachtanas na Scéime a chur san áireamh i dtaca le dtairiscint na gcáipéisí, comhaontais agus coinníollacha conartha agus, nuair is cuí, ag lorg ráiteas ar an gcaoi a seachadfar na seirbhísí seo.	**In áit faoi láthair**
		Agus aon chonradh nua á ligean maidir le seachadadh seirbhísí, beidh an Stiúrthóir Seirbhísí cuí freagrach as a chinntiú go gcomhlíonann an ghníomhaireacht nó an chuideachta a dhéanann an obair ar son na Comhairle riachtanais na scéime.	**In áit faoi láthair**
		Is féidir go mbeidh conarthaí nó socrúcháin ghearrthéarma ann agus iad siúd le haghaidh taisc áirithe nuair nach bhfuil lánchomhlíonadh leis an scéim praiticiúil. Sa chás seo iarrfar ar chomhlíonadh chomh hiomlán agus is féidir sna himthosca.	**In áit faoi láthair**
		Beidh treoracha ar na nósanna imeachta le leanúint ar fáil don fhoireann a bhfuil baint acu le hullmhúchán na gconarthaí, agus mar chuid de seo beidh ullmhúchán ailt a chuirfear le conarthaí agus le cáipéisí tairisceana.	**In áit faoi láthair**
		Nuair atá an Chomhairle ag obair i gcomhpháirtíocht le heagraíochtaí eile, cuirfidh an Chomhairle na páirtithe sin ar an eolas faoin Scéim Teanga agus déanfaidh sí cinnte go gcuirfear na bearta atá sa Scéim i bhfeidhm. Aon uair is féidir, spreagfaidh an Chomhairle cur chun cinn agus treisiú na Gaeilge.	**In áit faoi láthair**

Beartais agus Tionscnaimh Nua	**Beartais agus Tionsnaimh Nua**	Beidh beartais agus tionscnaimh nua ag teacht leis an Scéim agus ní thiocfaidh siad salach uirthi.	**In áit faoi láthair**
		Cothóidh beartais agus tionscnaimh nua oidhreacht chultúir agus theangeolaíoch na Cathrach.	**In áit faoi láthair**
		Déanfaidh beartais agus tionscnaimh nua úsáid na Gaeilge a chothú agus a éascú cibé uair is féidir.	**In áit faoi láthair**
		Cuirfear an Scéim agus oibleagáidí na heagraíochta faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 in iúl do bhaill foirne agus do chomhairleoirí a mbíonn baint acu le beartas a chur le chéile.	**In áit faoi láthair**
		Déanfar beartais reatha a athbhreithniú agus a leasú más gá de réir fhorálacha na Scéime sin.	**In áit faoi láthair**
		Cuireadh beartas i bhfeidhm a chuirfidh gach ball foirne ar an eolas faoin na hoibleagáidí a bhaineann leis an Scéim Teanga agus iad ag cur ábhar seasta ar láithreán gréasáin Chomhairle Cathrach na Gaillimhe. Feicfidh baill foirne meabhrúchán faoi na hoibleagáidí agus iad ag uaslódáil ábhair, agus déanfar conair iomlán iniúchta a logáil sa bogearra.	**In áit faoi láthair**
		I bhfianaise nach ann do mheán cumarsáide clóite i nGaeilge, cuireadh beartas sealadach i bhfeidhm a leasaíonn alt **11.6** den 2ra Scéim Teanga de chuid Chomhairle Cathrach na Gaillimhe, leasú a deir: 'Sa chás go bhfoilsíonn an Chomhairle fógraí poiblí sna meáin chlóite, cinnteoidh sí go leanfar ar aghaidh le leagan Gaeilge a fhoilsiú sna meáin chlóite Ghaeilge.' Foilseofar leaganacha dátheangacha den fhógra céanna sa nuachtán reatha áitiúil (faoi réir coinníollacha).	**In áit faoi láthair**
		Cuireadh Treoir um Chomharthaíocht Shealadach Tráchta i bhfeidhm chun úsáid na	**In áit faoi láthair**

		Gaeilge ar chomharthaí tráchta a chuirtear in airde ar bhonn sealadach a rialú. Bainfidh sé sin le conraitheoirí seachtracha agus na rannáin de chuid Chomhairle Cathrach na Gaillimhe.	
Deontais & Urraíocht	**Deontais & Urraíocht**	Spreagfaidh an Chomhairle eagraíochtaí, comhlachtaí nó daoine aonair nach bhfuil mar chuid de chomhlacht poiblí, a fhaigheann urraíocht airgeadais ón gComhairle seo, seirbhísí dátheangacha nó seirbhísí trí mheán na Gaeilge a sholáthar don phobal. Mar an gcéanna, sa chás d'eagraíochtaí, comhlachtaí nó daoine aonair nach n-ionadaíonn comhlacht poiblí agus a bhíonn ag obair i gcomhoibriú leis an gComhairle, nó sa chás d'aon chomhpháirtíocht idir an Chomhairle agus aon eagraíocht eile, iarrfar ar a leithéid de thionscadail nó comhpháirtíochtaí feidhmiú de réir na scéime seo. Mar chuid d'Fhoirmeacha Iarratais le haghaidh maoinithe agus deontas, beidh rannán inar féidir an t-iarratasóir cur in iúl cén chaoi a mbainfear úsáid as an nGaeilge agus cén chaoi a gcuirfear chun cinn í i ngníomhaíochtaí, imeachtaí poiblí, foilseacháin, srl.	**In áit faoi láthair** **In áit faoi láthair** **In áit faoi láthair**

Caibidil 5: Ag Feabhsú Soláthar Seirbhísí i nGaeilge sa Ghaeltacht

Ag feabhsú soláthar seirbhísí i gceantair Ghaeltachta agus ag cinntiú go ndéanfar teanga oibre den Ghaeilge in oifigí suite sa Ghaeltacht faoi dháta áirithe.

Gealltanais sa Ghaeltacht

Cur síos ar na seirbhísí sa Ghaeltacht	Gealltanas	Amlíne Laistigh de Bl.1/Bl.2/Bl.3
N/A	Níl oifigí ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe suite i gceantair Gaeltachta faoi láthair ach má/nuair a osclaíonn an comhlacht oifig i gceantar Gaeltachta, déanfaimid cinnte go gcuirfidh an chomhlacht seirbhís iomlán i nGaeilge ar fáil don phobal sna gceantair Ghaeltachta sin.	
An Ghaeilge mar theanga oibre sna hoifigí lonnaithe sa Ghaeltacht		
Gealltanas		**Amlíne Laistigh de Bl.1/Bl.2/Bl.3**
Níl oifigí ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe suite i gceantair Gaeltachta faoi láthair ach má/nuair a osclaíonn an comhlacht oifig i gceantar Gaeltachta, déanfaimid cinnte go gcuirfidh an chomhlacht seirbhís iomlán i nGaeilge ar fáil don phobal sna gceantair Ghaeltachta sin.		

Caibidil 6: Ag Feabhsú Inniúlacht sa Ghaeilge

6.1 Earcaíocht

Is é earcú foirne le scileanna cumasacha Gaeilge i ngach réimse d'obair Chomhairle Cathrach na Gaillimhe an príomhbhealach a bheidh ann chun barr feabhais a chur ar infhaighteacht seirbhísí i nGaeilge. Beidh aird ag ár bpolasaí earcaíochta, atá faoi réir an chreata de nósanna imeachta comhaontaithe náisiúnta d'earcaíocht, ar an ngá chun inniúlacht Gaeilge a fheabhsú ar bhonn céimnithe.

Cuirfear pacáiste ionduchtúcháin ina mbeidh cóip dár scéim chomhaontaithe, ar fáil do gach ball foirne chun a chinntiú go mbeidh siad ar an eolas faoinár ngealltanais faoin reachtaíocht.

6.2 Oiliúint agus Forbairt

Tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe tiomanta deiseanna a chur ar fáil don fhoireann chun freastal ar chúrsaí oiliúna Gaeilge atá creidiúnaithe go cuí, de réir ár n-acmhainní. Cuirfear an fhoireann iomlán ar an eolas faoi áiseanna/dheiseanna chun a n-inniúlacht sa Ghaeilge a fheabhsú.

		Gealltanas	Amlíne Laistigh de Bl.1/Bl.2/Bl.3
Feabhsú ar chumas Gaeilge	**Earcaíocht**	Beidh líofacht teanga ar cheann de na scileanna a chuirfear san áireamh in earcú foirne	**In áit faoi láthair**
		Má bhíonn scileanna cumarsáide dátheangacha i nGaeilge as i mBéarla riachtanach nó inmhianaithe do phost, beidh sé seo sonraithe i sonraíocht an phoist agus san fhógra earcaíochta don phost.	**In áit faoi láthair**
		Sa chás is go mbeidh beirt iarrthóirí atá ar chomhchéim maidir le taithí agus le cáilíochtaí ag cur isteach ar phost ina bhfuil an Ghaeilge inmhianaithe, glacfar leis an gcumas a bheidh ag duine cumarsáid a dhéanamh i mBéarla nó i nGaeilge ar chaighdeán ard mar scil bhreise.	**In áit faoi láthair**
		Beidh scileanna scríofa agus labhartha dhátheangacha sonraithe i sonraíocht an phoist agus i bhfógra an phoist.	**In áit faoi láthair**

		Cuirfear an Scéim Teanga faoi bhráid gach ball nua foirne agus cuirfear ar an eolas iad maidir leis na himpleachtaí a bheidh ag an Scéim ar an mbealach a ndéanfaidh siad a gcuid oibre. Cuirfear ar an eolas iad maidir leis na meicníochtaí éagsúla tacaíochta atá ann d'fhonn éascaíocht a dhéanamh d'úsáid na Gaeilge i bhfeidhmiú a gcuid dualgas.	**In áit faoi láthair**
		Gheofar sonraí ar scileanna dátheangacha na bhfostaithe nua trí fhoirmeacha nua tosaitheoirí agus ar dhoiciméadú a chomhlánaíonn bainisteoirí.	**In áit faoi láthair**
		Má bhíonn an Ghaeilge inmhianaithe do phost áirithe, beidh an fógra earcaíochta don phost go hiomlán dátheangach.	**In áit faoi láthair**
		Sa chás nárbh fhéidir duine a cheapadh i bpost ina raibh riachtanas do Scileanna Gaeilge, is féidir iarrthóir a cheapadh nach bhfuil Gaeilge aige/aici. Sa chás seo beidh air/uirthi, mar choinníoll an cheapacháin, glacadh le leibhéal inghlactha líofachta sa Ghaeilge a fhorbairt chun riachtanais an phoist a chomhlíonadh.	**In áit faoi láthair**
		Le hiarrthóirí a bhfuil scileanna Gaeilge acu a spreagadh, forbrófar comhpháirtíocht le hinstitiúidí oideachais/oiliúna a dhéanfaidh éascaíocht do thionscnaimh, cuir i gcás taithí oibre agus rannpháirtíocht in aontaí fostaíochta.	**In áit faoi láthair**
		Chun cuidiú le hearcú Gaeilgeoirí, spreagfar Acmhainní Daonna na háiteanna ina gcuirtear fógraí do phoist a mheas go haireach. Ba chóir breithniú a dhéanamh ar fhógraíocht i meáin dhigiteacha na Gaeilge.	**In áit faoi láthair**
		Déanfar an méid atá luaite thuas de réir beartas earcaíochta náisiúnta agus de réir na rialachán fostaíochta ábhartha.	**In áit faoi láthair**

	Oiliúint	Cuirfear deiseanna ar fáil chun cumas Gaeilge na foirne a fheabhsú. Déanfar socruithe cuí chun oiliúint sa Ghaeilge agus teastas tástála inniúlachta a chur ar fáil don fhoireann chun: - tacú leis an bhfoireann chun a líofacht sa Ghaeilge a choimeád agus a fhorbairt, - feabhas a chur ar chumas na foirne a n-oibleagáidí agus a riachtanais Ghaeilge i gcur i gcrích a ndualgas a chomhlíonadh, agus - córas tástála inniúlachta creidiúnaithe a chur ar fáil don fhoireann.	**In áit faoi láthair**
		Cuirfear an fhoireann ar an eolas faoi acmhainní teanga ar nós: www.tearma.ie, www.focloir.ie, www.teanglann.ie, www.abair.ie, chomh maith le WinGléacht, an leagan leictreonach d'fhoclóir Gaeilge-Béarla Uí Dhónaill.	**In áit faoi láthair**
		Molfar don fhoireann freastal ar chúrsaí iomchuí a bheidh dírithe ar úsáid na Gaeilge leis an bpobal san ionad oibre a éascú dóibh, de réir riachtanas a bpost.	**In áit faoi láthair**
		Mar chuid d'ionduchtú na foirne tabharfar aird an duine ar riachtanais agus ar impleachtaí na Scéime Gaeilge.	**In áit faoi láthair**
		Tacóidh an Chomhairle le baill foirne atá ag foghlaim na Gaeilge. Áirítear sa tacaíocht sin ranganna Gaeilge a chur ar fáil sa Chomhairle féin, saoire oiliúna do ranganna den chineál sin, agus grúpaí comhrá a chur ar fáil ag am sosa/am lóin.	**In áit faoi láthair**
		Tabharfar Tosaíocht Oiliúna d'oifigigh sna réimsí sin de sheachadadh seirbhísí nuair a bhíonn teagmháil rialta le Gaeilgeoirí sa phobal, nó má bhíonn easpa aitheanta de bhaill foirne a bhfuil Gaeilge acu, mar a leagtar amach agus a aontaítear i bpleananna forbartha an duine aonair	**In áit faoi láthair**

		agus na foirne, agus i bPleananna Oiliúna na Stiúrthóireachta freisin. Leanfaidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe ar aghaidh le tacaíochtaí Gaeilge a sholáthar don fhoireann ar bhonn leanúnach tríd an Oifigeach Gaeilge – frásaí, téarmaíocht, litreacha, foirmeacha agus fógraí. Spreagtar oifigigh atá ag foghlaim na Gaeilge í a úsáid chomh minic agus is féidir in ainneoin aon easpa muiníne nó cleachtaidh.	**In áit faoi láthair**
	Rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí chun an teanga a chur chun cinn/ Acmhainní a chur ar fáil	Beidh an fhoireann ar an eolas faoi choincheap an chomhaontaithe réamhghníomhaigh – ag tairiscint seirbhísí go réamhghníomhach don phobal. Spreagfar an fhoireann chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí cultúrtha teanga.	**In áit faoi láthair** **In áit faoi láthair**

6.3 Poist Shainithe Ghaeilge

Tá na poist liostáilte thíos sainithe mar phoist a mbaineann riachtanas inniúlachta Gaeilge leo. Tá sé i gceist go mbeidh caighdeáin shonraithe chreidiúnaithe sa Ghaeilge bainte amach ag sealbhóirí na bpost seo i gcomhréir le cúraim an phoist. Nuair a bhí na poist seo á sainiú, tugadh aird ar leith ar phoist atá lonnaithe i gceantair Ghaeltachta agus ar phoist atá lonnaithe i gceantair lasmuigh den Ghaeltacht ach ar phobail Ghaeltachta agus/nó Ghaeilge mórán dá mbonn custaiméirí.

Teideal an Phoist	Láthair	An pobal Gaeltachta/Gaeilge ar a bhfuiltear ag freastal	Comharthú den chaighdeán Gaeilge a theastaíonn (roghnaigh ceann: bunleibhéal, meánleibhéal nó ardleibhéal)
Oifigeach Foirne le curamaí don Ghaeilge	Seirbhísí Corparáideacha	Aon chainteoir Gaeilge a bhfuil ag iarraidh gnó a dhéanamh le Comhairle Cathrach na Gaillimhe iad sin ó na gceantair Ghaeltachta san áireamh	Ardleibhéal
Oifigeach Cléireachais	Fáiltiú: Seirbhís chuntair/ Duine le duine, Lasc-chlár	Mar atá thuasluaite.	Leibhéal Idirmheánach nó Ardleibhéal

Caibidil 7: Monatóireacht agus Athbhreithniú

Déanfaidh an Oifigeach Foirne le curamaí don Ghaeilge monatóireacht agus athbhreithniú ar an scéim ar bhonn rialta. Is é Oifigeach Foirne le curamaí don Ghaeilge(faoi láthair) – John Mullin an teagmhálaí don scéim ar dtús agus is í an Oifigeach Foirne buan le curamaí don Ghaeilge – Ailish Bhreathnach an teagmhálaí don scéim ina dhiaidh sin.

Beidh córas foirmiúil ar fáil chun monatóireacht a dhéanamh ar iarratais ar sheirbhísí i nGaeilge agus beidh cuntas air sin inár dTuarascáil Bhliantúil.

Déanfaidh an Feidhmeannach Sinsearach i Seirbhísí Corparáideacha cur i bhfeidhm corparáideach na Scéime a chomhordú don eagraíocht go ginearálta, agus déanfaidh sé/sí breithniú ar fheidhmíocht na Comhairle maidir le seachadadh riachtanas na Scéime, agus chun tuairisciú ar na ceisteanna seo chuig an bhFoireann Bhainistíochta, agus más gá chuig an gCoimisinéir Teanga freisin.

Ceapfar go foirmiúil Oifigeach Sinsearach laistigh de gach stiúrthóireacht/rannóg chun freagracht bhainistíochta a ghlacadh i dtaca le cur i bhfeidhm laistigh de stiúrthóireacht/rannóg; an Grúpa Feidhmithe Tras-Rannach a thabharfar ar an ngrúpa sin go hoifigiúil. Beidh an Feidhmeannach Sinsearach i Rannóg na Seirbhísí Corparáideacha ag feidhmiú mar chathaoirleach sa Ghrúpa Feidhmithe Tras-Rannach (CDIG).

Déanfaidh comhaltaí an CDIG cinnte go bhfuil baill foirne ina rannóga féin eolach ar riachtanais na scéime. Ina theannta sin, cuirfidh siad cur i bhfeidhm na Scéime Teanga chun cinn agus lorgóidh siad deiseanna chun comhairle a chur ar rannóga agus chun iad a spreagadh an Ghaeilge a chur isteach i mbeartais agus tionscnaimh nua. Beidh gach ball d'fhoireann na Comhairle freagrach as feidhmiú de réir riachtanas na scéime seo. Déanfar fiosrú ar aon ghearán maidir le cur i bhfeidhm na Scéime de réir an phróisis gearán atá leagtha amach sa Phlean Gníomhaíochta maidir le Seirbhísí do Chustaiméirí.

Caibidil 8: Poibliú na Scéime Comhaontaithe

Déanfar poibliú inmheánach agus seachtrach ar an scéim seo trí phreasráiteas i dtosach báire. Cuirfimid leagan dátheangach den scéim ar fáil ar ár suíomh gréasáin agus cuirfear ar fáil í do gach ball foirne agus do na gníomhaireachtaí cuí. Féadfar modhanna eile chun an scéim a phoibliú a úsáid freisin.

Ina theannta sin, tapóimid gach deis inár n-idirghníomhú laethúil le custaiméirí chun na seirbhísí a chuirimid ar fáil i nGaeilge a chur chun cinn agus a phoibliú ar na bealaí seo a leanas:

- custaiméirí a chur ar an eolas go díreach, ar bhealach réamhghníomhach, maidir leis an rogha atá acu gnó a dhéanamh linn i nGaeilge, mar shampla, trí fhógraí a chur ar taispeáint ag an bhfáiltiú a luann na seirbhísí Gaeilge atá ar fáil;

- na seirbhísí sin a liostú in áit ina mbeidh siad le feiceáil go soiléir ar ár suíomh gréasáin;

- cuirfimid in iúl ar threoirlínte, bileoga eolais agus foirmeacha iarratais ar leith go bhfuil na cáipéisí seo ar fáil i nGaeilge freisin, mura bhfuil siad ar fáil go dátheangach;

- tabharfaimid suntasacht chomhionann d'ábhair Ghaeilge agus Bhéarla.

Cuirfear cóip den scéim chomhaontaithe ar aghaidh chuig Oifig an Choimisinéara Teanga.